NYCI National Youth Council of Ireland

NÓTAÍ TREORACH

AG TOSÚ AMACH 2.0

Treoir d'Oibrithe Deonacha maidir le bheith ag obair le Daoine Óga atá Néara-éagsúil



Treoir d'Oibrithe Deonacha maidir le bheith ag obair le Daoine Óga atá Néara-éagsúil

Céard is néara-éagsúlacht ann?

Cumadh an téarma 'néara-éagsúlacht' mar iarracht chun dul in aghaidh an stiogma a bhaineann le daoine a bhfuil uathachas orthu, daoine a bhfuil uathachas agus Neamhord an Easnaimh Airde agus na Hipirghníomhaíochta (NEAH), disléicse, diospraicse, srl. orthu. Is gluaiseacht í lena dtacaítear do dhaoine atá néara-éagsúil, ag díriú ar a láidreachtaí agus ar a mbuanna aonair. Tá inchinn uathúil ag gach duine agus mar sin tá scileanna, riachtanais agus inniúlachtaí éagsúla againn go léir.

Bíonn eispéireas, ciall agus idirghníomhú uathúil den saol ag daoine néara-éagsúla – uaireanta cruthaítear dúshláin dá bharr, ach tagann réiteach fadhbanna cruthaitheach agus smaointe úra chun cinn dá bharr chomh maith. Sa saol ina bhfuil an chruthaitheacht ag teastáil, is féidir le gach duine leas a bhaint as na dearcthaí sin!

Sliocht ó
What is Neurodiversity - Neurodiversity Ireland

Céard is uathachas ann?

Tá an t-uathachas mar chuid den ghrúpa néara-éagsúlachta níos leithne d'éagsúlacht nó míchumais lena n-áirítear daoine ar a bhfuil riochtaí nó éagsúlachtaí amhail NEAH, Disléicse agus Diospraicse, Titimeas, Siondróm Tourette agus Dioscalcúile. Deirtear

go bhfuil na daoine ar a bhfuil na héagsúlachtaí sin acu néara-éagsúil. Tá a modh smaointeoireachta agus próiseála den saol éagsúil ó ionchais an tsochaí, agus deirtear go bhfuil na daoine nach bhfuil na héagsúlachtaí sin acu néaraitipiciúil. Tugtar néaraitíopaí ar na bealaí éagsúla seo chun smaoineamh ar an saol agus chun é a phróiseáil agus a thuiscint.

Tá an t-uathachas ann ar speictream agus ciallaíonn sé sin go mbíonn sé ag gabháil le daoine i mbealaí éagsúla, ag amanna éagsúla, i gcásanna éagsúla. De ghnáth, bíonn na héagsúlachtaí sna réimsí seo a leanas:

- Cumarsáid
- Idirghníomhú sóisialta
- Patrúin iompraíochta athchleachtacha agus shriantacha
- Aireachtáil chéadfach

Tá thart ar 3.3% de dhaonra na hÉireann uathach.

Clubanna Óige Ionchuimsitheacha

Ba cheart gur spás ionchuimsitheach agus tacúil iad Clubanna Óige do gach duine óg. Ní mór smaoineamh ar ghrúpa atá tiomanta do dhaoine óga néara-éagsúla amháin, mar d'fhéadfadh roinnt daoine óga néara-éagsúla leas a bhaint as teacht le chéile i ngrúpaí beaga le daoine eile ag a bhfuil na heispéiris chéanna acu, nó d'fhéadfadh grúpa leas a bhaint as daoine óga néaraitipiciúla agus néara-éagsúla le chéile.

Cuirtear spásanna sábháilte, ionchuimsitheacha ar fáil ag clubanna óige inar féidir éagsúlacht riachtanas a éascú. Is féidir daoine óga a chumasú chun a neamhspleáchas agus muinín a mhéadú trí ghrúpa atá oscailte agus fáilteach a chur ar fáil.

Chun bheith ionchuimsitheach, ní mór do cheannairí club óige smaoineamh ar an méid seo a leanas:



- Cuir tú féin ar an eolas maidir leis an uathachas agus leis an néara-éagsúlacht, foghlaim tuilleadh agus glac deiseanna oiliúna, lena gcuirfear le do chumas chun dul i mbun oibre go hioncuimsitheach le daoine óga.
- Cuir daoine eile, lena n-áirítear daoine óga néara-éagsúla agus a dteaghlaigh, ar an eolas gur club ionchuimsitheach é do chlub. Cuir do chlub chun cinn mar áit inar féidir le daoine óga néara-éagsúla casadh ar a chéile.
- Cuir aithne ar dhaoine óga sula nglacann siad páirt sa ghrúpa, faigh amach céard is maith leo, an chaoi a n-idirghníomhaíonn siad, an méid atá uathu, an méid a chuireann lena gcompord/a bhaineann dá gcompord, agus tabhair an deis dóibh aithne a chur ar na ceannairí chun dul i dtaithí ar an gclub. Tá cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí ríthábhachtach chomh maith chun riachtanais an duine óig a thuiscint agus seans gur mian leo a chinntiú go dtugann a nduine óg na tacaíochtaí riachtanacha leo go dtí an club/grúpa, amhail cosantóirí cluas, pluid ualaithe, srl.
- Cuir an duine óg ar an eolas roimh ré céard iad d'ionchais ina taobh nó ina thaobh. Is féidir leat cabhrú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
- Na rialacha a scríobh síos, le háiseanna amhairc á n-úsáid más féidir, agus iad a thabhairt dóibh roimh ré. Mínigh go soiléir:
    - An méid is féidir a dhéanamh (an méid atá incheadaithe)
    - An méid nach féidir a dhéanamh (an méid nach bhfuil incheadaithe)
    - An méid a tharlóidh má bhristear na rialacha.

Mura bhfuil sé scríofa síos, is beag seans go mbeidh an duine óg in ann é a phróiseáil.

- Cumarsáid na faisnéise – dá mhéad na faisnéise



atá ar fáil do dhaoine óga is ea is fearr. D'fhéadfadh úsáid na meán sóisialta (agus aird a tharraingt ar chleachtas sábháilte, suíomh gréasáin, físeáin 360 céim den spás fisiceach a bheith san áireamh. Nuair atá tú i mbun cumarsáide go díreach:

- Bain úsáid as teanga nithiúil, chruinn agus de bhunbhrí.
- Abair ainm an duine óig roimh aon treoir nó ordú.
- Bí seasmhach i do theanga agus i do chumarsáid.
- Cruthaigh agus bain úsáid as ábhair amhairc chun tacú le tuiscint

- Cuir grúpaí beaga agus oibrithe deonacha nó baill foirne sa bhreis ar fáil
- Lig d'am sa bhreis do dhaoine óga néara-éagsúla / uathacha a bhféadfadh tacaíocht sa bhreis a bheith ag teastáil uathu chun na gníomhaíochtaí a phróiseáil.
- Bí solúbtha agus cuir do chur chuige in oiriúint de réir mar is gá.
- Bíodh meas agat ar chumas na ndaoine óga i dtaca le cinnteoireacht agus cuir na daoine óga ar a gcumas bheith neamhspleách nuair is féidir.
- Smaoinigh ar an gcaoi is féidir do thimpeallacht agus na gníomhaíochtaí/cláir a chur in oiriúint chun a chinntiú go bhfuil siad inrochtana, lena n-áirítear coigeartuithe amhail oiriúnuithe céadfacha.

Tá líon córas céadfach ag a mbíonn tionchar acu ar an gcaoi a dtuigeann agus a n-idirghníomhaíonn duine uathach leis an timpeallacht. D'fhéadfadh aon íogaireacht mar seo a bheith ina cúis imní agus i roinnt cásanna ina cúis cliste guaime nó dúnta.

Áirítear leo siúd:

- **Fuaimeanna** – D'fhéadfadh clubanna/grúpaí óige a bheith an-torannach, mar sin seans go mbeidh daoine óga a bhfuil uathachas orthu ag iarraidh

cosantóirí cluas nó cluasáin a chaitheamh. Beidh siad in ann cloisteáil go fóill ach faightear réidh le torainn chúlra. Cuir an duine óg ar an eolas faoi líon na ndaoine óga eile a bheidh ann, más féidir. Uaireanta d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach chun pleananna a shocrú má tá líon na ndaoine agus an torann gaolmhar ar eolas roimh ré. Má tá an príomhsheomra róthreascrach, cuir spás ar leithligh nó seomra suaimhnis ar fáil agus lig do shosanna rialta. Bí ar d'airdeall faoin torann ó ghutháin/ fhíschluichí, srl. D'fhéadfadh torainn mhóra nó thobanna a bheith dúshlánach go háirithe.

- **Solas** – D'fhéadfadh solas neoin agus fluaraiseach a bheith an-gheal agus treascrach. Más féidir leat, athraigh na bolgáin solais agus ceannaigh dathanna níos boige nó teolaí. Mura féidir leat an soilsiú a athrú, lig don duine óg spéaclaí dorcha/ caipín píce/cochall a chaitheamh taobh istigh agus ná lig do na piaraí magadh a dhéanamh fúthu. Má tá an club ar siúl le linn an tsamhraidh, coinnigh na soilsí múchta chomh fada agus is féidir. D'fhéadfadh solas an lae a bheith i bhfad níos boige. Lig don duine óg sosanna a thógáil ó na seomraí ina bhfuil soilsí geala – ní mór go mbíonn soilsiú bog sa seomra suaimhnis ar leithligh más féidir, dorchadas fiú!
- **Blas agus boladh** - . Bíonn an chócaireacht ar siúl mar ghníomhaíocht i roinnt clubanna/grúpaí óige – cuir daoine ar an eolas má tá an chócaireacht ar siúl thart timpeall an t-am céanna le grúpa eile nó má tá an grúpa ar siúl i spás comhroinnte nó ilúsáidte. Imríonn bolaithe éagsúla tionchar ar dhaoine i mbealaí éagsúla agus d'fhéadfadh siad a bheith ina gconstaic dóibh taitneamh a bhaint as a ngrúpa.
- **Amharc** – bain úsáid as áiseanna amhairc nuair is féidir. D'fhéadfadh treoir amhairc don fhoirgneamh, lipéid, sceidil amhairc a bheith san áireamh leis sin, – aon ní lena gcuirtear struchtúr ar an timpeallacht, lena ligtear do dhaoine fáil amach faoin mbealach

isteach agus amach, suíomh na leithreas, srl. Tá sé tábhachtach go gcuirtear rudaí amhail pátrúin (ar bhallaí, ar phóstaeir, dearadh an bhrait urláir) san áireamh chomh maith mar aon le tranglam amhairc, amhail cathaoireacha, pónaireáin, srl. agus bíodh an t-íosmhéid dóibh ann.

- **Tadhall** – i roinnt cásanna, d'fhéadfadh tadhall a bheith pianmhar i ndáiríre. Mar sin, ní mór a bheith tuisceanach maidir leis an teagmháil fhisiceach.

(Curtha in oiriúint ó sheimineár gréasáin de chuid Zarah Doyle, bainisteoir oiliúna Mar Atá Mé do Chlár Náisiúnta Sláinte na nÓg – féach an nasc thíos don seimineár gréasáin)

Acmhainní Úsáideacha:



- https://www.youth.ie/articles/understanding-autism-webinar/
- https://asiam.ie/advice-guidance/faqs
- Blianta an Déagóra MarAtáMuid
- Gach Eolas Fúm
- Treoir Theanga MarAtáMé

Cleachtadh: Comhréitigh Réasúnta a Dhéanamh:

Aidhm:Chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na timpeallachta fisicí agus sóisialta chun freastal ar dhaoine óga néara-éagsúla/uathacha sa chlub/ghrúpa.

Is mór a théann bainistiú riachtanas sa timpeallacht i bhfeidhm ar dhaoine óga. Cabhraíonn sé sin le himní a laghdú agus le hintuarthacht a mhéadú. Éascaítear féinabhcóideacht agus neamhspleáchas leis chomh maith.

Cuireann an t-oiliúnóir ionchur ar fáil ón mbileog eolais agus éascaítear roinnt plé ginearálta agus freagraí ar an treoir.

Taispeánann an t-oiliúnóir an sleamhnán/bhileog eolais ar a bhfuil na híomhánna thíos agus iarrtar ar na rannpháirtithe bunchiall na n-íomhánna a thabhairt. Cumasaítear rannpháirtithe tosú ar smaoineamh ar dhearcadh an duine óig leis sin.

Ansin iarrann an t-oiliúnóir ar na rannpháirtithe an timpeallacht sa chlub/ghrúpa a mheas ó dhearcadh an duine óig.

Nóta: Mura bhfuil an t-oiliúint seo ar siúl sa chlub/ghrúpa, beidh grianghraif den áit ag teastáil don chéad chuid eile.

Iarrann an t-oiliúnóir ar na rannpháirtithe siúl ar fud an fhoirgnimh (go fisiciúil nó go fíorúil), agus aird a thabhairt ar aon trúig chéadfach a d'fhéadfadh a bheith ann. Ní mór aird a thabhairt ar an méid seo a leanas go sonrach:

- Solas
- Torann
- Rochtain
- Tadhall
- Bolaithe

Agus iad ag obair i ngrúpaí beaga, iarrtar ar na rannpháirtithe seicliosta/liosta fabhtanna a chruthú, le haon trúig a d'fhéadfadh a bheith ann, agus an bhileog oibre a úsáid. Ansin iarrtar ar na rannpháirtithe réitigh fhéideartha agus réalaíocha a shainaithint do gach trúig.

Éascaíonn an t-oiliúnóir aiseolas agus plé, tabharfar aon cheist a theastaíonn sainchomhairle/saintreoir faoi deara. Ina dhiaidh sin, líonann na rannpháirtithe plean gníomhaíochta, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a sainaithníodh agus chun comhréitigh réasúnta a dhéanamh.